Coimisiún na Scrúduithe Stáit
Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath, N37 TP65.

Ciorclán **S14/26** ó CSS

# Scéim na Socruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teastais (Scéim RACE) Socruithe Eatramhacha d'am breise sna Scrúduithe Stáit in 2026

## CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA/ÚDARÁIS SCOILEANNA DARA LEIBHÉAL AGUS CHUIG PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH NA mBORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA AGUS BAINISTIOCHT NA nIONAD OIDEACHAIS EILE A BHFUIL SCRÚDUITHE TEASTAIS STÁIT Á SOLÁTHAR ACU IN 2026

Nuair a bhí *Treoracha RACE do Scoileanna 2026* á n-eisiúint aige i mí Dheireadh Fómhair seo caite, thagair Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) don obair leanúnach a bhí ar siúl aige maidir le hAthbhreithniú ar Scéim RACE agus go raibh sé i gceist aige socruithe píolótacha a thabhairt isteach le haghaidh scéim leathnaithe d'am breise do scrúduithe teastais 2026 le haghaidh iarrthóirí áirithe atá incháilithe cheana féin do Scéim RACE. Gheall CSS go bhfógródh sé tuilleadh sonraí faoi na socruithe le haghaidh scéim leathnaithe d'am breise níos déanaí. Is é atá mar chuspóir ag an gciorclán seo;

a) Eolas a thabhairt duit maidir leis na socruithe eatramhach d'am breise de **10 nóiméad in aghaidh an scrúdpháipéir scríofa do roinnt iarrthóirí atá incháilithe cheana féin do shocruithe RACE** do scrúduithe Stáit 2026.
b) Sonraí a thabhairt faoi incháilitheacht do na socruithe eatramhacha seo d'am breise ó na hiarrthóirí sin atá incháilithe cheana féin do RACE agus sonraí faoi eisceachtaí.
c) Breac-chuntas a thabhairt ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoileanna chun soláthar ama breise ag scrúduithe Stáit 2026 a éascú.

Is cloch mhíle mhór í seo i soláthar ama breise faoi Scéim RACE. Is é seo an chéad athrú suntasach ar shocruithe d'am breise le breis agus 20 bliain agus mar thoradh air seo beidh thart ar 30,000 iarrthóir a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu incháilithe anois le haghaidh am breise ina gcuid scrúduithe scríofa go léir.

Leanfar de shocruithe d'am breise atá ann cheana féin de 10 nóiméad san uair d'iarrthóirí a úsáideann scríobhaí agus 15 nóiméad san uair d'iarrthóirí dalla/lagamhairc a chur ar fáil d'iarrthóirí incháilithe. Ní bheidh 10 nóiméad breise in aghaidh gach scrúdpháipéir scríofa ag iarrthóirí atá incháilithe le haghaidh am breise de 10 nóiméad san uair nó 15 nóiméad san uair.

Ní gá d'údaráis scoile aon rud a dhéanamh de bhun an chiorcláin seo seachas an t-eolas seo a chur in iúl do bhaill foirne na scoile, d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí/chaomhnóirí. Níl aon ghá iarratais RACE atá ann cheana a nuashonrú mar go n-aithneoidh CSS iarrthóirí incháilithe as measc na ndaoine atá incháilithe cheana féin do shocruithe rochtana agus tacaíochta RACE.

## a) Socruithe Eatramhacha d’Am Breise 2026

Tá CSS ag leanúint de bheith ag athbhreithniú Scéim RACE, agus gealltanas tugtha aige feabhsuithe a chur ar shocruithe rochtana agus tacaíochta scrúduithe a d'fhéadfadh feabhas a chur ar eispéireas na scrúduithe agus freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais shonracha iarrthóirí incháilithe. Tá CSS faoi threoir ag prionsabail chun bonn a chur faoin gcur chuige maidir le socruithe chun am breise a thabhairt isteach chun freastal níos fearr ar riachtanais iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus ag an am céanna cothromas agus cothroime sna scrúduithe a chaomhnú do gach iarrthóir. Bhí sé mar aidhm ag na treoirphrionsabail:

- An teannas idir an dá phríomhphrionsabal a bhaineann le Scéim RACE a bhainistiú, is é sin, ar thaobh amháin, iarracht a dhéanamh rochtain a sholáthar d’iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu chun a leibhéal gnóthachtála a léiriú, agus ar an taobh eile, iarracht a dhéanamh a chinntiú nach gcuirtear prionsabal an chothromais idir iarrthóirí i mbaol sna bearta a dhéantar chun rochtain a sholáthar. Agus é sin á chur i gcrích, iarracht a dhéanamh caitheamh chomh cothrom agus is féidir le gach iarrthóir.
- Gan bunús na scéime RACE atá ann cheana a lagú, scéim atá bunaithe ar riachtanais agus nach n-éilíonn diagnóis ar aon riocht chun incháilitheacht a bhronnadh.
- Tuiscint a léiriú ar riachtanais iarrthóirí a bhfuil gach cineál riachtanais speisialta oideachais acu agus ní hamháin iad siúd a bhfuil deacrachtaí foghlama acu.
- Gach socrú reatha atá ann in ionad am breise a choinneáil (e.g. an tarscaoileadh litrithe agus gramadaí agus am breise do gach iarrthóir i nGaeilge, Béarla, Stair agus Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta)
- Gan próiseas iarratais ar leith a cheangal ar scoileanna ná ualach riaracháin sa bhreis a chur orthu.
- Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna indéantachta ó tharla go raibh cineál éigin socraithe rochtana agus tacaíochta faoi Scéim RACE in 2025 de dhíth ar 36,000 iarrthóir (26% de na hiarrthóirí uile a bhí ag déanamh scrúduithe) mar gheall ar a riachtanais speisialta oideachais.

Tá cúrsaí ama mar ábhar imní do gach iarrthóir a dhéanann scrúduithe. **Tá sé mar aidhm ag an socrú eatramhach de 10 nóiméad in aghaidh an scrúdpháipéir scríofa d’iarrthóirí áirithe atá incháilithe cheana féin do shocruithe áirithe** cothromaíocht a bhaint amach, ar thaobh amháin, idir rochtain d’iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus, ar an taobh eile, cothromas agus cothroime do gach iarrthóir atá ag tabhair faoina scrúduithe. Tá raon feidhme leathan ag an scéim seo, i dtéarmaí líon na n-iarrthóirí a thagann faoi raon feidhme na socruithe agus réimse na n-ábhar ina mbeidh am breise ar fáil.

**Measúnú Leanúnach ar Shocruithe Eatramhacha d’Am Breise in 2026.**

Rinneadh na socruithe eatramhacha mar thoradh ar mhachnamh fairsing atá déanta ag CSS agus ag a Bhord Coimisinéirí ar réimse roghanna féideartha chun aghaidh a thabhairt ar cheist thar a bheith casta i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh ar Scéim RACE agus na socruithe atá ann faoi láthair laistigh de chóras na hÉireann maidir le socruithe réasúnta in ionad am breise.

Tá an obair ag leanúint ar aghaidh ar an athbhreithniú cuimsitheach ar fud an chórais ar Scéim RACE chun dul i ngleic leis na saincheisteanna ábhartha go léir agus an dea-chleachtas go hidirnáisiúnta a chur san áireamh. Tá taighde coimisiúnaithe ag CSS ar bheartais náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir le réimse saincheisteanna, lena n-áirítear am breise. Déanfaidh an taighde measúnú ar thionchar an ama bhreise sna scrúduithe agus ar na bearta atá ann i Scéim RACE agus sna scrúduithe in ionad ama.

Is gné thar a bheith tábhachtach den athbhreithniú é comhairliúchán le páirtithe leasmhara freisin agus tá sé seo ar siúl agus áireofar ann grúpaí fócais, cruinnithe páirtithe leasmhara agus imeachtaí.

Agus an fhianaise a thagann tríd an taighde ar shocruithe réasúnta, agus an mheastóireacht ar shocruithe eatramhacha 2026 mar bhonn leis, breithneoidh CSS deiseanna breise chun na socruithe seo a fhorbairt ó 2027 ar aghaidh. Beidh dul i mbun plé le hiarrthóirí, údaráis scoile, feitheoirí na n-ionad speisialta, agus páirtithe leasmhara chun na socruithe eatramhacha a mheas. Eiseofar sonraí faoin bpróiseas meastóireachta níos déanaí.

## b) Sonraí, Incháilitheacht, Eisceachtaí agus Fógra do Scoileanna

Beidh an socrú eatramhach d'am breise seo ar fáil do gach iarrthóir atá incháilithe cheana féin le haghaidh socruithe réasúnta sna scrúduithe scríofa ina bhfuil idirghabháil dhíreach (e.g. próiseálaí focal, cúnamh léitheoireachta, tarscaoileadh litrithe agus gramadaí, etc) agus nach bhfuil ag fáil am breise faoi fhorálacha reatha na scéime.

Beidh am breise ar ráta **10 nóiméad in aghaidh an scrúdpháipéir scríofa** ar fáil i ngach scrúdú sa tSraith Shóisearach, san Ardteistiméireacht agus san Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Tabharfaidh formhór na socruithe a chuirtear ar fáil sna scrúduithe scríofa incháilitheacht anois le haghaidh am breise 10 nóiméad in aghaidh an scrúdpháipéir mar seo a leanas:

- Próiseálaí focal: táibléad/ríomhaire glúine
- Gléas Taifeadta
- Léitheoir comhroinnte
- Léitheoir aonair
- Peann um scrúduithe a léamh
- Seinnteoir dlúthdhioscaí pearsanta
- Ateangaire ISL
- Páipéir i bhformáidí malartacha
- Teicneolaíocht chúnta eile
- Tarscaoileadh litrithe, gramadaí agus poncaíochta
- Díolúine ó ábhar (ATF amháin)

Beidh an beart ama breise sa bhreis ar aon socruithe rochtana agus tacaíochta eile a chuirfear ar fáil don iarrthóir. Mar shampla, beidh 10 nóiméad breise ag iarrthóir a bhfuil tarscaoileadh litrithe agus gramadaí aige/aici a bhaineann lena n-ábhair theanga chun scrúdpháipéir theanga a chríochnú **agus** ina scrúduithe eile go léir. Cuirtear an beart i bhfeidhm ag leibhéal an scrúdpháipéir, mar sin beidh 10 nóiméad d'am breise ag scrúduithe ina bhfuil dhá pháipéar i bpáipéar 1 agus i bpáipéar 2 araon.

**Eisceachtaí**

Tá líon beag eisceachtaí ann.

1. Faoin socrú seo, agus ós rud é go bhfuil am breise ag baint leis an réimse socruithe atá ann cheana féin faoi scéim RACE, ní bheidh iarrthóirí a ndeonaítear socruithe dóibh arna socrú ag an scoil (i.e. sosanna scíthe) nó iad siúd nach bhfuil gá acu ach le hionad scrúdaithe speisialta incháilithe le haghaidh am breise. Leanfar de bheith ag freastal ar riachtanais na n-iarrthóirí a bhfuil an socrú seo acu, a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach dóibh siúd a bhfuil riochtaí leighis, céadfacha, iompraíochta agus sláinte meabhrach orthu, trí shosanna scíthe a sholáthar.

2. Iarrthóirí nach bhfuil ach aitheantóir datha acu (atá nó nach bhfuil in ionad scrúdaithe speisialta).
3. Iarrthóirí a mbaineann a socruithe leis na scrúduithe neamhscríofa.
4. Beidh deich nóiméad d'am breise i bhfeidhm sa pháipéar scríofa i scrúduithe sna nuatheangacha iasachta agus sa cheol ach ní bheidh feidhm acu freisin sa chuid chluastuisceana den scrúdú sin.
5. Ní bheidh 10 nóiméad sa bhreis in aghaidh gach scrúdpháipéir scríofa ag iarrthóirí atá incháilithe le haghaidh am breise de 10 nóiméad san uair nó 15 nóiméad san uair.

*I gcás go n-aithníonn scoil iarrthóir atá ag fáil socruithe réasúnta ach nach bhfuil sé/sí incháilithe le haghaidh am breise mar gheall ar eisceacht 1 atá liostaithe thuas, agus go gcinneann an scoil go bhféadfadh sé go bhfuil riachtanas aitheanta ag an iarrthóir sin do thacaíocht bhreise mar gheall ar dheacrachtaí próiseála cognaíocha, féadfaidh scoileanna iarratas a dhéanamh chuig CSS le haghaidh 10 nóiméad d'am breise in aghaidh an scrúdpháipéir trí phróiseas iarratais na gcás casta.

**Cinntí maidir le hIncháilitheacht**
Ní gá d'údaráis scoile iarratas a dhéanamh ar na socruithe eatramhacha seo d'am breise. Aithneoidh CSS iad siúd atá incháilithe ó na hiarratais RACE atá ann cheana féin. Leanfaidh iarrthóirí a rinne iarratas le linn an phróisis iarratais tosaigh de litreacha cinnidh a fháil maidir lena n-iarratais RACE do 2026. Nuair a bheidh na litreacha cinnidh tosaigh seo próiseáilte agus seachadta, eiseoidh CSS litreacha nuashonraithe chuig údaráis scoile a luaithe agus is féidir chun am breise a chur san áireamh d'iarrthóirí incháilithe.

Nuair a dhéantar aon iarratais dhéanacha, níl aon ghá iarratas a dhéanamh ar am breise ach an oiread mar is é cineál na socruithe eile don iarrthóir a bhronnann incháilitheacht.

## c) Forfheidhmiú na Socruithe Eatramhacha maidir le hAm Breise in 2026

### Oibriú na Socruithe Eatramhacha maidir le hAm Breise i Scoileanna

Mar atá luaite, tá CSS ag sainaithint na n-iarrthóirí incháilithe i do scoil agus cuirfear seo in iúl do gach scoil sna seachtainí seo amach romhainn. Eiseoidh CSS litreacha aonair do gach iarrthóir incháilithe mar aon le tuairisc scoile chun liosta iomlán na n-iarrthóirí i do scoil a bheidh incháilithe le haghaidh am breise sna scrúduithe scríofa a léiriú.

Tá mórán de na hiarrthóirí a sainaithníodh mar iarrthóirí atá incháilithe le haghaidh am breise ceaptha a gcuid scrúduithe a dhéanamh in ionaid scrúdaithe speisialta cheana féin. D'fhéadfadh sé go mbeidh iarrthóirí eile ag déanamh a gcuid scrúduithe sa phríomhionad scrúduithe. Chun go mbeidh ord agus eagar ar reáchtáil na scrúduithe agus chun cur isteach ar na scrúduithe scríofa a sheachaint, beidh sé riachtanach freastal ar na hiarrthóirí uile a dtabharfar am breise dóibh faoi na socruithe eatramhacha in ionaid scrúduithe speisialta. Braithfidh an riarachán is fearr a dhéanfar ar na socruithe seo d'iarrthóirí i do scoil ar riachtanais na n-iarrthóirí sa scoil. Leagtar amach níos déanaí sonraí na n-acmhainní a chuirfear ar fáil chun tacú le scoileanna.

Ós rud é go gcaithfear iarrthóirí atá incháilithe le haghaidh am breise a éascú chun a gcuid scrúduithe a dhéanamh in ionaid speisialta chun cur isteach a íoslaghdú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá tuilleadh ionad scrúdaithe speisialta a bhunú i roinnt scoileanna. Tá prótacal mionsonraithe maidir le reáchtáil na socruithe in ionaid speisialta agus an ama breise á fhorbairt ag CSS ach tá an méid seo a leanas beartaithe:

- Go ndéanfaí freastal ar iarrthóirí in ionaid scrúdaithe speisialta comhroinnte atá ann cheana féin.
- Ionad scrúdaithe speisialta comhroinnte a bhunú do na hiarrthóirí go léir a bhfuil 10 nóiméad d'am breise in aghaidh an scrúdpháipéir á sholáthar dóibh laistigh de theorainneacha acmhainne athbhreithnithe.
- Athchumrú a dhéanamh ar na príomhionaid scrúdaithe.

Agus iad ag iarraidh an t-ualach riaracháin ar scoileanna a íoslaghdú, tá CSS ag socrú iarrthóirí a shannadh laistigh de na príomhionaid ar bhealach a chomhlánóidh cruthú ionad speisialta.

## Tacaíochtaí Forfheidhmithe do Scoileanna

Tugann CSS tacaíocht airgeadais do scoileanna aitheanta le haghaidh reáchtáil scrúduithe bliantúla na Sraithe Sóisearaí agus na hArdteistiméireachta. I gcás na mBord Oideachais agus Oiliúna, áirítear leis seo freisin suíomhanna Breisoideachais amhail VTOS agus Ógtheagmháil áit a mbíonn scrúduithe ar siúl. Tá sé de rogha ag údaráis scoile Cúntóir Scrúduithe a fhostú le haghaidh tréimhse 15 lá gach bliain chun cabhrú leis an bpríomhoide le linn na scrúduithe stáit nó chun ionadaíocht a dhéanamh go hiomlán ar an bpríomhoide mura mbíonn sé/sí ar fáil ar chúis ar bith. Bíonn laethanta breise ar fáil freisin do scoileanna bunaithe ar líon na n-iarrthóirí scrúdaithe agus ar fhad ama an tráthchláir sa scoil sin. Tá scéim laethanta Cúntóra Scrúdaithe i bhfeidhm maidir leis na béaltrialacha freisin.

Cuirfidh CSS suas le **dhá lá breise Cúntóra Scrúdaithe** ar fáil do scoileanna iar-bhunscoile aitheanta agus d'ionaid oideachais aitheanta eile atá maoinithe ag an státchiste chun soláthar a dhéanamh d'obair riaracháin a bhaineann leis na socruithe eatramhacha d'am breise. Tá na laethanta breise seo ar fáil do gach scoil agus ba chóir iad a úsáid chun ionaid scrúduithe speisialta sa scoil a reáchtáil.

Leanfaidh suíomhanna scrúduithe (e.g. coláistí príobháideacha) nach bhfuil maoinithe ag an Státchiste tríd an Roinn Oideachais agus Óige de bheith freagrach as a gcostais féin i dtaca le pleanáil agus reáchtáil na Scrúduithe Stáit.

Ina theannta sin, déanfaidh CSS athbhreithniú ar na socruithe i scoileanna aonair agus tá sé ar intinn aige Feitheoir RACE a cheapadh i scoileanna ina bhfuil líon an-mhór ionad scrúdaithe speisialta le bainistiú, agus é á aithint go bhféadfadh an socrú eatramhach seo d'am breise seo cur leis sin. Breithneofar an cumas chun an ról seo a chruthú ar an gcéad dul síos laistigh de líon foriomlán na bpríomhionad sa scoil agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt athchumraíochta a dhéanamh ar na hionaid. Is é an príomhról atá ag an bhFeitheoir RACE arna cheapadh ag CSS ná bainistíocht agus soláthar éifeachtach na scrúduithe in ionaid speisialta a chinntiú. Ag gníomhú faoi threoir CSS, beidh ról sonrach acu maidir le gach gné de na scrúduithe a reáchtáil in ionaid speisialta le linn na scrúduithe scríofa, ag obair le húdarás na scoile, le Feitheoirí eile de chuid CSS, agus le Feitheoirí na nIonad Speisialta.

## Tuilleadh Eolais

DE bhun an chiorcláin seo, bí ag súil le tuilleadh eolais ó CSS sna seachtainí seo amach romhainn mar seo a leanas;

- Litreacha cinnidh ionaid maidir le RACE agus tuairisc scoile
- Prótacal mionsonraithe maidir le reáchtáil na socruithe in ionaid speisialta agus an ama breise
- Cumarsáid fhoirmiúil maidir le hacmhainní breise: laethanta cúntóirí scrúduithe, ionaid speisialta breise, feitheoir RACE arna cheapadh ag CSS.
- Eolas d'Iarrthóirí, do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí.

Tarraing aird na múinteoirí riachtanas speisialta oideachais, na gcomhordaitheoirí riachtanas speisialta, na múinteoirí, na mball eile d'fhoireann na scoile, na n-iarrthóirí a bhfuil socruithe réasúnta déanta dóibh agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí ar an gciorclán seo, le do thoil. Eiseoidh CSS treoir ar leith d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí/caomhnóirí.

Chun fiosruithe a dhéanamh faoin eolas a chuirtear i láthair sa chiorclán seo, déan teagmháil le rannóg na Socruithe Réasúnta de chuid CSS ar ríomhphost chuig race@examinations.ie nó glaoigh ar 090 644 2401/2408/2786.

Go raibh maith agat as ucht aird a thabhairt ar na hábhair thábhachtacha seo agus as do chomhoibriú leanúnach i dtaca le reáchtáil agus soláthar scéim RACE.

Richard Dolan,

Stiúrthóir Oibríochtaí

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Eanáir 2026